European Institute for Gender Equality

An Fhrainc ar bharr an Innéacs Comhionannais Inscne den chéad uair.

Cibríonn an reachtaíocht chomhionannais, ach ní i ngach cás go fóill…

Tá an Fhrainc tar éis an chéad áit a bhaint amach in Innéacs Comhionannais Inscne an Aontais, rud a chuir deireadh le ré na Sualainne ag an mbarr ó bhí 2013 ann. Ar fud an Aontais, ámh, tá an dul chun cinn i dtreo an chomhionannais inscne thar a bheith mall, agus is léir ó Innéacs na bliana seo nach ionann gnóthachain i réimse amháin agus dul chun cinn foriomlán.

'Is maith an rud é an comhionannas inscne d'iomaíochas san Eoraip, agus is é cúram ar ardchaighdeán é a chuireann ar ár gcumas é a bhaint amach,' a dúirt Roxana Mînzatu, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta Sóisialta agus Scileanna, Poist Ardcháilíochta agus Ullmhacht. 'Léirítear in Innéacs Comhionannais Inscne na bliana seo an bealach chun tosaigh: saoire tuismitheora, a nglacann beirt tuismitheoirí í, agus cúram leanaí atá ann nuair a bhíonn sé de dhíth ar theaghlaigh, ionas go gcuirfidh scileanna gach duine le fás inbhuanaithe na hEorpa.'

'Cuirtear teachtaireacht shoiléir in iúl in Innéacs Comhionannais Inscne na bliana seo: nuair a ghníomhaíonn an Eoraip ar son an chomhionannais, athraíonn saol daoine, agus go han-tapa fiú,' a dúirt Hadja Lahbib, Coimisinéir Eorpach um Chomhionannas, Ullmhacht agus Bainistiú Géarchéime. 'Ach níl i gceist le dlíthe a rith ach an tús. Is ar an duillín pá a léirítear fíor-chomhionannas, nuair a thuilleann bean an méid céanna lena comhghleacaí fireann. Is léir sa bhaile é fosta, nuair a thógann athair saoire tuismitheora agus é in ann a bheith sa bhaile agus folcadh á thabhairt do na leanaí, ní hamháin chun iad á gcur a chodladh. Is í sin an Eoraip ar mhaith liom go bhfaigheadh cách blaiseadh di, idir fhir agus mhná, cibé áit a bhfuil cónaí orthu.'

'Léiríonn cás na Fraince an méid a tharlaíonn nuair a chinneann tír gur gnáthrud é comhionannas inscne i bpoist lena ngabhann cumhacht, seachas an eisceacht,' a dúirt Stiúrthóir EIGE, Carlien Scheele. 'Is í an fhírinne lom í ná nach ionann aon mhórchéim chun cinn amháin agus dul chun cinn foriomlán ó thaobh an Innéacs de. Dá mbeadh an rún céanna ag an Eoraip i leith cúraim, pá agus oideachais araon, ní bheimis ag tomhas dul chun cinn i gcodáin phointe. Faraor, tá go leor eile fós le déanamh.'

An EU Agency

Gedimino pr. 16, LT-01103 Vilnius, Lithuania
eige.europa.eu

Príomhthorthaí

- Tá scór 64.5 as 100 ag an Aontas, méadú 0.9 pointe i gcomparáid leis an mbliain seo caite, agus méadú 5.6 pointe ó 2020 i leith.
- Bogann an Fhrainc (74.8) chun tosaigh ar an tSualainn (73.6), agus an Danmhairg agus an Spáinn díreach ina diaidh. Is iad an Chipir, an Ungáir agus an tSeicia na Ballstáit ag a bhfuil na scóir is ísle.
- Is é Cumhacht an réimse is mó atá ag feabhsú, agus é méadaithe faoi 2.4 pointe i mbliana agus faoi 13.1 pointe ó 2020 i leith, ach is é fós an ceann is ísle scór, ag 42.9.
- I ngach réimse eile, gnóthaíodh ní ba lú ná pointe amháin le bliain anuas.
- Ní roinntear freagrachtaí cúraim go cothrom go fóill. Oibríonn mná níos lú uaireanta coibhéiseacha lánaimseartha, agus soláthraíonn siad níos mó cúraim ná fir. Soláthraíonn thart ar 41 % de mhná, i gcomparáid le 20 % d'fhir, níos mó ná 35 uair an chloig de chúram leanaí gach seachtain.
- Ní ráthaíonn incháilitheacht do shaoire tuismitheora go mbeidh rochtain ar shochair shaoire ann.

Ardú de phreab ag an mbarr

Tharla ardú na Fraince mar gheall ar ardú de phreab 9 bpointe i dtreo comhionannas inscne sa réimse Cumhacht. Tá an Fhrainc gar anois do phaireacht inscne sa rialtas, i seomraí boird a gcuideachtaí is mó, agus ar bhoird a cónaidhmeanna spóirt.

Níl an Fhrainc ina haonar. Ó 2020 i leith, tá méadú níos mó ná 10 bpointe tagtha ar scóir chumhachta 15 Bhallstát eile, rud a tharla toisc níos mó ban a bheith ar bhoird cuideachtaí agus i róil cheannaireachta sa spórt. I seacht mBallstát, tá ar a laghad 40 % de shuíocháin ar bhoird na gcuideachtaí liostaithe is mó i seilbh ban cheana féin, a bhuí le cuótaí reachtúla go mór mór. Le Treoir an Aontais maidir le Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Chorparáideacha, leagtar síos sprioc de 40 % de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, nó 33% d'iomlán na stiúrthóirí.

A 0.9-méadú pointe i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Dul chun cinn thar a bheith mall

Taobh amuigh den réimse Cumhacht, is lú an spreagadh atá ann i gcoitinne. Tá roinnt dul chun cinn déanta i dtreo comhionannais inscne, ach tá an luas atá leis ag moilliú. Tá laghdú ar ghnóthachain bhliantúla faoi bhun pointe amháin ó 2023 i leith.

Tá an réimse Eolas ar gcúl in 11 Bhallstát ó bhí 2020 ann, de réir mar a leanann mná agus fir de bheith ag cnuasach i réimsí éagsúla staidéir.

Níl aon dul chun cinn á dhéanamh sa réimse Sláinte den chuid is mó.

Agus tá an réimse Cumhacht féin fós ar an réimse is laige, d'ainneoin na ngnóthachan atá bainte amach ann; tá scór níos lú ná 40 pointe ag 15 Bhallstát go fóill. 100 pointe a bheadh i gceist le fíor-chomhionannas.

Tá na Ballstáit ag dul chun cinn ar luasanna éagsúla freisin. Nuair a dhéantar iad a thomhas i gcomparáid le meán an Aontais le 10 mbliana anuas, tagann dhá phatrún leathana chun cinn, lena n-áirítear tíortha atá os cionn agus faoi bhun mheán an Aontais araon:

- **Cóineasú aníos:** Tá feabhas tagtha ar scóir Innéacs Comhionannais Inscne na Seicia, na Gearmáine, na hEastóine, na Gréige, na hIodáile, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Fionlainne agus na Sualainne, agus ag an am céanna tá an bhearna i gcomparáid le meán an Aontais ag laghdú sna Ballstáit sin;
- **Éagsúlú aníos:** Bhain an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic scóir ní b'airde amach freisin, ach ar luas a leathnaigh an bhearna idir iad agus meán an Aontais.

Cúram: Deis ollmhór feabhsúcháin

Más rud é gur leis an réimse Cumhacht a léirítear cad is féidir a bhaint amach le gníomhartha agus reachtaíocht spriocdhírithe, is leis an réimse Cúram a léirítear go bhfuil píosa fada le dul fós.

Fós, is é an méid leanaí atá ag daoine a shocraíonn cé a dhéanann an chuid is mó den obair ar íocaíocht. I gcás lánúineacha a bhfuil leanaí acu, oibríonn aithreacha ar feadh sciar atá comhionann ar an meán le 92 % de phost lánaimseartha. Oibríonn máithreacha ar feadh sciar atá coibhéiseach le 68 % de sin. Léiríonn an bhearna 24 pointe céatadáin sin gur mó i bhfad de mháithreacha a oibríonn go páirtaimseartha.

Insíonn cúram sa teaghais an taobh eile den scéal. Ar fud an Aontais, caitheann beirt as gach cúigear máithreacha (41 %) níos mó ná 35 uair an chloig sa tseachtain ar chúram leanaí. Ní dhéanann ach leath den líon aithreacha (20 %) amhlaidh.

Léirítear le cás na Danmhairge, áfach, nach gá gurb amhlaidh atá. Is é an t-aon Bhallstát é nach bhfuil aon bhearna inscne ann maidir le dianchúram leanaí.

Ní chuireann ach máthair amháin as gach cúigear máithreacha sa Danmhairg níos mó ná 35 uair an chloig de chúram leanaí ar fáil in aghaidh na seachtaine. Is amhlaidh atá sé d'aithreacha sa Danmhairg. Ina theannta sin, tá an Danmhairg ar cheann de na sé Bhallstát nach bhfuil aon bhearna ann idir deireadh saoire tuismitheora a bhfuil pá maith ag dul léi agus áit faoi ráthaíocht in ionad cúraim leanaí a bhaint amach.

Is féidir le saoire tuismitheora dul i gcion ar phatrúin cúraim leanaí, ach amháin má bhaineann aithreacha úsáid aisti.

Fós is mná iad 74 % díobh sin a bhaineann úsáid as saoire tuismitheora sna 15 Bhallstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith do 2024, agus ní bhaineann go leor aithreacha leas ach as an íosmhéid. Is é pá a shocraíonn cúrsaí.

Ní ráthaíonn incháilitheacht do shaoire go mbeidh sí ar íocaíocht; ní bhfaigheadh 18 % de mhná agus 13 % d'fhir idir 20 agus 49 mbliana d'aois aon sochar um shaoire tuismitheora.

Nuair a chuir an tSualainn ceithre seachtaine de shaoire ar leataobh d'aithreacha in 1995 agus í ar íocaíocht ráta 75 % go 80 % de thuilleamh, d'ardaigh glacadh na saoire tuismitheora ag aithreacha ó 3 % go 60 %.

Nuair a thógann aithreacha saoire i ndáiríre, is chun tairbhe do chách é – do mháithreacha, d'aithreacha agus do leanaí araon – agus níos mó ama acu uile chun dáimh níos láidre a chothú. De réir taighde a rinneadh sa tSualainn, fuarthas go mbíonn tionchar níos mó ag gach mí a chaitheann athair ar shaoire tuismitheora ar thuilleamh na máthar níos déanaí ná mar a bheadh dá dtógfadh sí féin mí amháin níos lú den tsaoire chéanna í féin.

Spreagadh don fhás inbhuanaithe is ea an comhionannas inscne

De réir thaighde EIGE, dá gcuirfí feabhas ar chomhionannas inscne, d'fhéadfaí OTI *per capita* an Aontais a ardú ó 6.1 % go 9.6 % faoi 2050, is é sin EUR 1.95 go EUR 3.15 trilliún, agus 10.5 milliún post breise a chruthú fosta. Léirítear sa taighde céanna go mbaintear níos mó amach ach dul i ngleic leis an neamhionannas inscne trí chéile ná ach dul i ngleic le gnéithe den neamhionannas astu féin.

Is é an réimse Cumhacht an ghné is dúshlánaí i gcónaí don Aontas maidir le comhionannas inscne a bhaint amach. Mar a léiríodh san Innéacs i mbliana, áfach, is réimse é inar féidir leis an reachtaíocht fíorthionchar a imirt, agus go tapa fosta. Is é atá le déanamh anois ná an diongbháilteacht chéanna a thabhairt isteach i ngach réimse eile.

Íoslódáil an tInnéacs Comhionannais Inscne 2026 agus roinn na torthaí atá ann chun bonn eolais a chur faoin bplé beartais náisiúnta, agus chun gníomh a spreagadh :

https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/gender-equality-index-2026-making-parental-leave-work